


## Léirmheas ar *An Ghaeilge sa Nua-Aoiseacht Dhéanach: an meon i leith éagsúlacht teanga sa Ghaeilge* (Noel Ó Murchadha).

Cló Iar-Chonnacht, 2018.

ISBN: 978-L-78444-L90-6

Léirmheas le Marie Whelton



Whelton, M., 'Léirmheas ar *An Ghaeilge sa Nua-Aoiseacht Dhéanach: an meon i leith éagsúlacht teanga sa Ghaeilge* (Ó Murchadha),' *Feasta*, Bealtaine, 2019, 15-16.

Monagraf críochnúil, laistigh de dhisciplín na sochtheangeolaíochta, ar mheon an phobail maidir leis an éagsúlacht teanga sa Ghaeilge chomhaimseartha is ea *An Ghaeilge sa Nua-Aoiseacht Dhéanach: an meon i leith éagsúlacht teanga sa Ghaeilge* le Noel Ó Murchadha. Is í an phríomhargóint a chuireann an t-údar chun cinn go leanúnach tríd an leabhar síos ná go bhfuil an Ghaeilge a labhraíonn daoine óga sa Ghaeltacht, agus lasmuigh den Ghaeltacht, sa lá atá inniu ann, difriúil ó Ghaeilge na gcanúintí traidisiúnta.

Cé go gcuireann an domhan oifigiúil poiblí béim ar Ghaeilge na gcanúintí traidisiúnta sa teanga labhartha, is teanga níos caoile – teanga atá faoi thionchar an Bhéarla – í an teanga atá á sealbhú ag daoine óga. Léiríonn Ó Murchadha go heolaíoch nach bhfuil ag éirí leis an teaghlach, leis an gcóras oideachais, le grúpaí sóisialta ná leis na meáin Gaeilge thraidisiúnta na Gaeltachta a chothú.

Go deimhin, áitíonn Ó Murchadha, agus tugann sé fianaise láidir mar thacaíocht dá argóint, go bhfuil dearcadh dearfach ag na daoine óga i leith an leagain den Ghaeilge a labhraíonn siad agus go roghnaíonn siad í go comhfhiosach agus go fo-chomhfhiosach chun iad féin a chur in iúl agus chun a bhféiniúlacht féin a shainiú os comhair a bpiaraí agus os comhair an tsaoil i gcoitinne.

Ní haon ionadh é, dá bhrí sin, go dtugann an teoiric shocheangeolaíoch faoi ról na teanga i gcruthú na féiniúlachta dúshraith don leabhar. I gCaibidil a hAon,

léirmhíonn an t-údar go n-aithníonn an pobal an éagsúlacht theangeolaíoch go comhfhiosach agus go fo-chomhfhiosach agus go gcuireann siad luach sóisialta ar an éagsúlacht sin – samhlaítear tréithe ar leith le daoine bunaithe ar an saghas friotail agus ar na leaganacha den teanga a úsáideann siad. Bíonn gradam ag leaganacha áirithe den teanga thar leaganacha eile agus, mar gheall air sin, is ag glacadh páirt i ngníomh féiniúlachta, go bunúsach, a bhíonn an pobal nuair a roghnaíonn siad leagan teanga amháin thar leaganacha eile.

Míníonn Ó Murchadha go mbíonn gradam follasach ard go minic ag leaganacha caighdeánaithe de theangacha agus go mbronntar tús áite follasach ar na leaganacha sin tríd an tacaíocht oifigiúil a fhaigheann siad ó institiúidí tábhachtacha, ó ‘lucht an rachmais agus na cumhachta’ (lch 23) agus de bharr spéis an phobail san ‘aonfhoirmeacht theangeolaíoch’ (lgh 25-27). Ach sonraíonn an t-údar go mbíonn ‘neamhréir’ ann idir an idé-eolaíocht a chuireann luach follasach ar an aonfhoirmeacht sin agus cleachtais teanga chlaochlaitheacha an phobail.

Sonraíonn Ó Murchadha gurbh é Labov (1972-2001), ar dtús, a d’fhiosraigh an méid a thugann an cleachtas teanga le fios faoi chúrsaí idé-eolaíochtaí, agus, cé nár éirigh lena thaighde tionscanta a léiriú go bhféadfaí freagraí suibiachtúla an phobail a úsáid chun eolas a aimsiú maidir leis na hidé-eolaíochtaí atá taobh thiar den chleachtas teanga, d’éirigh leis, mar sin féin, tús a chur le díospóireacht ar an ábhar (lch 37). Ba é Kristiansen (2009), ansin, a nocht meicnic na hidé-eolaíochtaí folaithe trí uirlisí taighde caolchúiseacha a chruthú agus a úsáid (lch 41). Thaispeáin seisean go bhféadfadh taighdeoirí eolas faoin idé-eolaíocht fholaithe a bhailiú ó rannpháirtithe trí cheisteanna nach dtagraíonn go díreach don éagsúlacht teanga a úsáid ina gcuid ceistneoirí. Fuair sé amach go mbaineann gradam nó luach folaithe le stíleanna teanga nach bhfuil gradam follasach acu toisc go nascann an pobal luachanna sóisialta ar leith leo.

Ar ndóigh, sa domhan comhaimseartha (.i. sa nua-aoiseacht dhéanach), tá athruithe móra sóisialta ag titim amach sa tsochaí agus níl an chumhacht chéanna ag institiúidí oifigiúla agus a bhíodh roimh na 1960í. Bíonn tionchar ag na hathruithe sin, freisin, ar an luach a thugtar d’athruithe sa teanga, agus,

míníonn Ó Murchadha go bhfuil ‘díchaighdeánú’ nó ‘daonlathú’ ar siúl sa lá atá inniu ann, rud a chiallaíonn nach bhfuil an gradam céanna a thuilleadh ag foirmeacha a raibh ardghradam follasach agus ceannasach acu roimhe seo. Is léir, dá bhrí sin, go n-athraíonn na gradaim a bhronntar ar mhúnlaí teangeolaíocha de réir mar a athraíonn an saol mór.

Maidir leis an nGaeilge, tá dhá mhúnla ardghradaim den teanga ann i láthair na huaire. Don teanga scríofa is é múnla aon-foirmeach an Chaighdeáin Oifigiúil atá chun tosaigh, ach don teanga labhartha is é múnla na gcanúintí traidisiúnta a thóg an chaithréim aimsir na hAthbheochana Teanga agus atá fós ina mhúnla ceannasach.

Déantar plé cuimsitheach ar na cúiseanna stairiúla agus ar na hidé-eolaíochtaí éagsúla atá taobh thiar den ardghradam a bhronntar ar urlabhra na Gaeltachta i gCaibidil a Ceathair den leabhar. I gCaibidil a Dó agus i gCaibidil a Trí, déanann Ó Murchadha léirmheas máistriúil deisce ar an taighde agus ar an litríocht atá ar marthain maidir le saintréithe teangeolaíocha Gaeilge labhartha chomhaimseartha na Gaeltachta agus maidir le saintréithe Gaeilge labhartha chomhaimseartha an réimse a dtugann Ó Murchadha an ‘Iar-Ghaeltacht’ uirthi.

Go bunúsach, meabhraíonn an t-údar don léitheoir nach bhfuil an Ghaeilge difriúil ó theangacha eile agus go mbaineann daoine óga úsáid as an éagsúlacht teanga agus as leaganacha nua-aimseartha den teanga chun féiniúlacht mhalartach nua-aimseartha a chruthú dóibh féin agus chun an fhéiniúlacht sin a chur in iúl. Maidir leis an nGaeltacht, áitíonn Ó Murchadha ‘go bhfuil an Ghaeilge tar éis éirí... neamh-chomhsheasmhach ag glúin óg na Gaeltachta’ (lch 85) agus go bhfuil sí ag imeacht go han-tapa ó na canúintí traidisiúnta ar chúiseanna éagsúla. Ceann de na cúiseanna sin is ea nach féidir le muintir óg na Gaeltachta na múnlaí malartacha teanga a dtagann siad trasna orthu sa chóras oideachais, sna meáin agus ina bpiarghrúpaí a sheachaint. Ach, ina theannta sin, roghnaíonn muintir óg na Gaeltachta foghraíocht nua-aimseartha, comhréir mhalartach, foclóir malartach agus focail ón mBéarla de bharr go nascann siad brí agus gradam leis na múnlaí nua sin.

Maidir le hurlabhra Ghaeilge na hIar-Ghaeltachta, áitíonn Ó Murchadha go bhfeidhmíonn an urlabhra sin go neamhspleách ó urlabhra na Gaeltachta. Is é sin le rá nach mbíonn teagmháil rialta ag cainteoirí na hIar-Ghaeltachta leis an nGaeltacht i gcoitinne. Ar an ábhar sin, tagann córas luachála ar leith chun cinn i measc na gcainteoirí sin agus ní ar thréithe Ghaeilge Thraidisiúnta na Gaeltachta a chuirtear an luach sa chóras sin ach an oiread, ach, ar mhúnlaí úra teanga. Is rí-léir, dá bhrí sin go bhfuil neamhréir idir cleachtais teanga na ndaoine, nó urlabhra na ndaoine, agus dearcadh follasach an phobail ar stádas agus ar thábhacht na gcanúintí Gaeltachta. I bhfocail Uí Mhurchadha, ní ‘mar a chéile na múnlaí ardghradaim teanga sa Ghaeilge a nglactar leo san idé-eolaíocht fhollasach agus na foirmeacha teangeolaíocha a bhíonn chun tosaigh ó thaobh úsáide agus scaipthe de.’ (lch 172).

Is éard atá sa Chaibidil dheireanach, Caibidil a Cúig, ná cur síos ar an taighde eimpíreach a chuir an t-údar féin i gcrích agus ar a bhfuil a théis tógtha. Ghlac 262 dhalta meánscoile ó Ghaeltacht na Mumhan páirt san obair pháirce sin, bhí na daltaí go léir sa tsraith shinsearach dá staidéir iarbhunscoile agus bhí siad go léir idir 16 bliana d’aois agus 20 bliain d’aois. Ar nós Kristiansen (2009), níor chuir Ó Murchadha ceisteanna a thagair go díreach don éagsúlacht teanga ar na déagóirí, ach bhain sé úsáid as cur chuige indíreach tástála chun a ndearcaidh fholaithe a dhíorthú. Tugann sé cuntas beacht ar an modheolaíocht sin ag tús na caibidle.

Tríd is tríd, léiríonn an mhionanailís mheáite a dhéanann Ó Murchadha ar na torthaí go nascann déagóirí na Gaeltachta tréithe pearsantachta inmhianaithe le cainteoirí iarthraidisiúnta seachas le cainteoirí traidisiúnta na Gaeltachta. Ar an ábhar sin, roghnaíonn siad múnlaí iarthraidisiúnta den teanga ina gcuid cainte féin chun iad féin a chur i láthair mar dhaoine leis na tréithe inmhianaithe céanna agus chun iad féin a lonnú i gcaidreamh leis na daoine a bhfuil tréithe pearsanta luachmhara acu, dar leo. Mar a deir Ó Murchadha: ‘tá tacaíocht fholaithe ag foirmeacha, ag gnéithe agus ag stíleanna teangeolaíocha atá forleathan agus atá ag scaipeadh trí phobal cleachtais na Gaeilge de bharr na luachanna inmhianaithe sóisialta a nasctar leo trí phróiseas an inréimnithe agus an íocónaithe.’ (lch 241). Ní hé sin le rá go dtiomáineann idé-

eolaíocht fholaithe na ndéagóirí na hathruithe agus na héagsúlachtaí atá ag teacht chun cinn, ach is léiriú eile é taighde an údair go dtacaíonn an idé-eolaíocht fholaithe leis na múnlaí úra teanga atá forleathan sa chleachtas cainte cheana féin agus is léiriú é go bhfuil dlúthbhaint ag an idé-eolaíocht fholaithe sin agus an cleachtas teanga sin lena chéile.

An t-aon cheist a bhí agam maidir leis an modheolaíocht ná: ‘An mbeadh torthaí difriúla ar an taighde eimpíreach dá gcuirfí na ceisteanna céanna ar ghrúpa de dhaoine óga níos sine ón nGaeltacht – daoine sna fichidí déanacha nó sna tríochaidí luatha, abair, daoine atá tar éis an teanga a shealbhú agus atá tar éis cinntí saoil a thógáil maidir leis an áit a bheidh ag an nGaeilge ina saol pearsanta agus ina bhféiniúlacht mar dhaoine fásta?’ D’fhéadfaí a áitiú, mar shampla, gur foghlaimeoirí teanga iad déagóirí na Gaeltachta – tá an Roinn Oideachais agus Scileanna, mar shampla, ag caitheamh le hóige na Gaeltachta mar fhoghlaimeoirí teanga ina bpolasaí nua don Oideachas Gaeltachta (2016) – agus ar ndóigh, tá idirdhealú tábhachtach ann, ó thaobh chleachtais teanga de (lch 104), idir foghlaimeoirí agus cainteoirí dúchasacha. Ina theannta sin, d’áiteoinn go mbíonn tuiscintí an déagóra ar chúrsaí féiniúlachta guagach go leor i gcomparáid le tuiscint an duine óig lánfhásta ar an bhféiniúlacht.

An cheist sin as an áireamh, ar an iomlán, tugann an saothar seo léargas géarchúiseach ar an tslí a n-athraíonn teangacha agus ar na himpleachtaí do thodhchaí na teanga a bhíonn ag an tslí a dtéann cainteoirí i ngleic go comhfhiosach agus go fo-chomhfhiosach leis an éagsúlacht teanga. Ceann de na conclúidí is spéisiúla a tharraingíonn Ó Murchadha as an iniúchadh is ea nach bhfuil an múnla traidisiúnta Gaeltachta den Ghaeilge slán nó inbhuanaithe mura gcothaítear na canúintí ar ‘bhonn níos córasaí’ (lch 262) agus dar le Ó Murchadha, is tacaíocht ró-bheag atá á fáil ag na canúintí traidisiúnta Gaeltachta i láthair na huaire. Cé go bhfuil idé-eolaíocht institiúidí oifigiúla na sochaí fabhrach i leith Ghaeilge na gcanúintí traidisiúnta, léiríonn cleachtais agus idé-eolaíocht fholaithe na ndaoine go bhfuil foirmeacha úra teanga ag teacht chun cinn a thógfaidh áit Ghaeilge na gcanúintí traidisiúnta mura ndéantar ionchur eagraithe ordúil sna canúintí traidisiúnta (lch 262).

Mar leabhar a scríobhadh ar dtús mar thráchtas dochtúireachta, tá an saothar taighde téagartha seo le moladh as buntéis ardfhorbartha a chur chun cinn ar bhealach soléite inniúil. Tá stíl ghlinn scríbhneoireachta ag an údar agus ní leasc leis athrá a úsáid go minic chun béim a chur ar a phríomhargóint. Cuireann an t-údar cruinntagairtí do shaothar taighdeoirí eile sa ghort ar fáil i gcorp an leabhair agus i liosta bibleagrafaíochta suntasach ar chúl an leabhair. In ainneoin, áfach, go soláthraíonn an t-údar sainmhínte soiléire ar théarmaí tríd an leabhar síos, is trua é nár chuir sé gluais ar fáil ag deireadh an leabhair chun rochtain leanúnach a thabhairt don léitheoir (agus go háirithe do léitheoirí atá ina mic léinn ag an tríú leibhéal) ar na sainmhínte sin. B'fhiú go mór, mar shampla, 'Gaeilge na hiar-Ghaeltachta'; 'gradam'; 'stiogma'; innéacsú'; 'íocónú' agus 'nua-aoiseacht dhéanach' a chur san áireamh ina leithéid de ghluais. Sílim, freisin, go gcuirfeadh innéacs ar chúl an leabhair go mór lena fheidhm mar acmhainn tagartha. É sin ráite, is leabhar acadúil fíor-luachmhar é seo a thabharfaidh ábhar machnaimh do léitheoirí a bhfuil spéis acu sa tslí a dtugann an tsochaí stádas gradamach d'éagsúlachtaí teangeolaíochta agus, gan amhras, is léitheoireacht riachtanach do lucht pleanála teanga iad na conclúidí a chuireann Ó Murchadha chun cinn.

**Tagairt:**

An Roinn Oideachais agus Scileanna, Polasaí don Oideachas Gaeltachta (2017-2022). Baile Átha Cliath, 2016.